



RÉIGIÚN AN AIGÉIN CHIÚIN

Tá gnéithe polaitiúla, eacnamaíocha agus forbartha ag baint le caidreamh an Aontais Eorpaigh le réigiún an Aigéin Chiúin. Is é an tAontas Eorpach an dara comhpháirtí trádála is mó de chuid réigiún an Aigéin Chiúin agus i mí an Mheithimh 2018 seoladh caibidlíocht chun comhaontuithe saorthrádála cuimsitheacha a dhéanamh leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn. Tá comhpháirtíocht aige le 15 Thír Oileánacha Neamhspleácha an Aigéin Chiúin ina ndírítear ar fhorbairt, ar iascach agus ar an athrú aeráide. Tá comhpháirtíochtaí ag AE freisin le ceithre Thír agus Chríoch Thar Lear an Aigéin Chiúin agus le Fóram Oileáin an Aigéin Chiúin.

AN BUNÚS DLÍ

- Teideal V (gníomhaíocht sheachtrach AE) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);
- Teidil I-III agus V (comhbheartas tráchtála; comhar um fhorbairt agus cabhair dhaonnúil; comhaontuithe idirnáisiúnta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
- an Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Astráil;
- an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le Caidreamh agus Comhar (CCCC);
- Comhaontú Comhpháirtíochta idir Grúpa na Stát san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit (Comhaontú Cotonou).

AN TAONTAS EORPACH AGUS RÉIGIÚN AN AIGÉIN CHIÚIN

Tá caidreamh seanbhunaithe, luachanna comhroinnte agus naisc láidre eacnamaíocha agus trádála idir an tAontas Eorpach agus réigiún an Aigéin Chiúin. Tá comhpháirtíochtaí forbartha ag AE sa réigiún leis an Astráil, an Nua-Shéalainn, 15 Thír Oileánacha Neamhspleácha an Aigéin Chiúin (PICanna), na trí Thír agus Chríoch Thar Lear (OCTanna) agus Fóram Oileáin an Aigéin Chiúin (PIF).

Is comhpháirtithe iad an tAontas Eorpach, an Astráil agus an Nua-Shéalainn a bhfuil an dearcadh, luachanna agus leasanna comhroinnte acu. Oibríonn AE i ndlúthchomhar leis an dá thír, ar bhonn idir-rialtasach agus san earnáil phríobháideach, ar fud raon leathan saincheistean, amhail an t-athrú aeráide agus laghdú rioscaí tubaiste, an trádáil dhomhanda bunaithe ar rialacha, slándáil agus forbairt, taighde teicneolaíochta agus cearta an duine.



Go traidisiúnta, bhí caidreamh AE le hOileáin an Aigéin Chiúin bunaithe ar chomhar um fhorbairt faoi chuimsiú na comhpháirtíochta idir AE agus Grúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC). Le blianta beaga anuas, leathnaíodh an caidreamh sin go hearnálacha eile amhail an comhshaol, dea-rialachas, fuinneamh, athrú aeráide, iascach agus cearta an duine.

A. An Astráil agus an Nua-Shéalainn

1. An Astráil

Tá comhpháirtíocht fhadbhunaithe idir [an tAontas Eorpach agus an Astráil](#) a théann siar go dtí na 1960idí. Is é bunús an chaidrimh reatha [Creat-Chomhaontú 2017 idir an tAontas Eorpach agus an Astráil](#). Dírítear sa chomhaontú sin ar idirphlé polaitiúil, saincheisteanna slándála, comhar idirnáisiúnta, geilleagar agus trádáil, ceartas, cultúr agus oideachas, fuinneamh agus an comhshaol. Déanfar an téacs a dhaingniú amach anseo ach tá sé i bhfeidhm go sealadach ó mhí Dheireadh Fómhair 2018. Sa bhreis ar an gconradh sin, tá 19 gconradh dhéthaobhacha sínithe ag AE agus an Astráil agus bíonn idirphlé déthaobhach ar siúl ar bhonn rialta.

Tá an Astráil ina comhpháirtí trádála tábhachtach don Aontas Eorpach. In 2018, ba é AE an dara comhpháirtí trádála dhá threo ba mhó a bhí ag an Astráil in earraí, arbh fhiú EUR 47.5 billiún an trádáil eatarthu ina hiomláine. Is í an Astráil an 18ú comhpháirtí trádála is mó atá ag AE agus is iad innealra, ceimiceáin agus táirgí talmhaíochta príomhchatagóirí onnmhairithe AE. Is iad mianraí, amhábhair agus earraí monaraithe príomhonnmhairithe na hAstráile chuig AE. Tá an tAontas Eorpach agus an Astráil i mbun comhaontú saorthrádála a chaibidlíú chun malartuithe tráchtála idir an dá pháirtí a éascú. Thug an Chomhairle sainordú don Choimisiún i mí na Bealtaine 2018 agus tionóladh an chéad bhabhta caibidlíochta i mí Iúil 2018 sa Bhruiséil. Tionóladh an dara babhta i mí na Samhna 2018 agus reáchtáladh an [tríú](#) babhta, arb é an babhta is déanaí é, in Canberra, an Astráil, i mí an Mhárta 2019.

2. An Nua-Shéalainn

Tá caidreamh AE-Nua Shéalainn á rialú faoi láthair ag [an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le Caidreamh agus Comhar](#) (CCCC), a síníodh an 5 Deireadh Fómhair 2016. Éascaíonn CCCC rannpháirtíocht dhéthaobhach trí idirphlé polaitiúil a neartú agus trí chomhar a fheabhsú i dtaca le cúrsaí eacnamaíochta agus trádála chomh maith le raon leathan réimsí eile, idir nuálaíocht, oideachas agus cultúr, agus imirce, frithsceimhlitheoireacht, an comhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus na cibearchoireachta, agus comhar breithiúnach.

Is é an tAontas an tríú comhpháirtí trádála is mó atá ag an Nua-Shéalainn i ndiaidh na Síne agus na hAstráile. In 2018, bhí luach EUR 9.5 billiún aran trádáil dhá threo in earraí idir AE agus an Nua-Shéalainn. I measc phríomhonnmhairí na Nua-Shéalainne go dtí an tAontas bhí bia agus amhábhair agus i measc phríomhonnmhairí AE go dtí an Nua-Shéalainn bhí innealra agus trealamh iompair. Tá an dá pháirtí i mbun [comhaontú saorthrádála](#) a chaibidlíú faoi láthair. Tar éis don Chomhairle sainordú a fhorghreagú do AE, an 22 Bealtaine 2018, seoladh caibidlíocht go foirmiúil an 21 Meitheamh 2018. Tionóladh an chéad bhabhta ón 16 go dtí an 20 Iúil 2018, agus bhí an dá thaobh ar aon intinn faoi fhorghreagú na réimsí caibidlíochta. Tionóladh an dara babhta idir an 8



agus an 12 Deireadh Fómhair 2018 in Wellington, an Nua-Shéalainn. Tionóladh an tríú babhta, arb é an babhta is déanaí é, sa Bhruiséil ón 18 go dtí an 22 Feabhra 2019. Tá sé beartaithe an ceathrú babhta a thionól sa Nua-Shéalainn i mí na Bealtaine 2019.

B. Tíortha eile i réigiún an Aigéin Chiúin

Tá achar iomlán de 528 000 km² ag 15 Thír Neamhspleácha an Aigéin Chiúin (PICanna)^[1] agus tá siadsan ina gcuid de Ghrúpa na Stát san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC). Dírítear i gcaidreamh AE-PICanna ar chomhar um fhorbairt, ar iascach agus ar an athrú aeráide.

Tá straitéis AE vis-à-vis na PICanna leagtha amach i dTeachtaireacht Chomhpháirteach ó 2012 dar teideal '[Towards a renewed EU-Pacific development partnership](#)' [[I dtreo comhpháirtíocht athnuaite forbartha idir AE agus réigiún an Aigéin Chiúin](#)]. Sa straitéis sin, tógtar ar chreat [Chomhaontú Cotonou](#) le tíortha ACC. I bhfianaise dháta éagtha an 29 Feabhra 2020, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Iar-Cotonou i mí Mheán Fómhair 2018. I mí na Nollag 2019, cuireadh síneadh le cur i bhfeidhm Chomhaontú Cotonou go dtí mí na Nollag 2020. De réir mar a cuireadh moill bhreise ar an gcaibidlíocht, cuirfear síneadh breise le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe go dtí mí an Mheithimh 2021.

Cuirtear seasamh Pharlaimint na hEorpa in iúl i dtrí rún ([4 Deireadh Fómhair 2016](#); [14 Meitheamh 2018](#) agus [28 Samhain 2019](#)). Is díol sásaimh do Pharlaimint na hEorpa leagan amach foriomlán an chomhair amach anseo a bhí molta idir ACC agus AE agus béim á cur arís ar an tábhacht a bhaineann le gné pharlaiminteach na comhpháirtíochta a neartú. Sa rún is déanaí a ghlac an Pharlaimint i mí na Samhna 2019, rinne an Pharlaimint comhthionól Parlaiminteach ACC-AE a chaomhnú mar réamhchoinníoll chun a toiliú a thabhairt maidir leis an gcomhaontú a bheidh ann amach anseo.

Is é AE27 an [cúigiú comhpháirtí trádála is mó](#) atá ag réigiún ACC-an Aigéin Chiúin, le trádáil arbh fhiú EUR 2.6 billiún í in 2019. Rinneadh an chaibidlíocht maidir le Comhaontú cuimsitheach Comhpháirtíochta Eacnamaíche (EPA) idir AE agus Tíortha an Aigéin Chiúin a chur ar sos in 2015 nó go ndéanfadh athbhreithniú ar bhainistiú acmhainní iascaigh an Aigéin Chiúin. Idir an dá linn, tá [Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche \(CCE\) eatramhach ag AE le Nua-Ghuine Phapua agus Fidsí](#), a dhaingnigh Parlaimint na hEorpa i mí Eanáir 2011. Le déanaí, rinne Samó a phróiseas aontachais le GCC a thabhairt chun lánchríche agus thosaigh sé ar an gcomhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach an 31 Nollaig 2018. D'aontaigh Oileáin Sholomón dá CCE an 17 Bealtaine 2020. Dhearbhaigh Tonga go raibh sé ar intinn aici aontú don CCE in 2018 agus tá sé beartaithe an chaibidlíocht a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2020.

Is é an tAontas Eorpach an tríú deontóir is mó de [chúnamh forbartha](#) do thíortha ACC-an Aigéin Chiúin i ndiaidh na hAstráile agus na Seapáine. Is é an [Ciste Eorpach Forbraíochta](#) (CEF) an phríomhionstraim chun cúnamh AE a sholáthar le haghaidh comhar um fhorbairt faoi Chomhaontú Cotonou. Maidir le cistiú do thíortha ACC an

[1]Is iad seo a leanas na 15 PIC: Fidsí, Nua-Ghuine Phapua agus Tíomór Thoir, arb ionann iad le chéile agus 90 % de mhórchríoch agus de dhaonra an réigiúin, agus 12 Stát Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha: Oileáin Cook, Círeabaití, an Mhicrinéis, Nárú, Niue, Oileáin Palau, Oileáin Marshall, Samó, Oileáin Sholomón, Tonga, Tuvalu agus Vanuatú.



Aigéin Chiúin agus do cheithre OCT (mar a bhí ag an am; bhí Oileáin Pitcairn, críoch na de chuid Ríochta Aontaithe ina measc) an réigiúin don tréimhse 2014-2020 faoin 11ú CEF, b'ionann é sin agus thart ar EUR 800 milliún. Comhlánaítear cistí ón 11ú CEF le roinnt cláir théamacha faoi réimse ionstraimí maoinithe.

Beidh an Ionstraim nua um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) ar an bpríomhionstraim chistiúcháin do chomhar agus d'fhorbairt AE le tíortha comhpháirtíochta faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do 2021 go 2027. Chomhtháthófaí leis, *inter alia*, CEF, atá lasmuigh de bhuiséad an Aontais faoi láthair. Le comhtháthú CEF i mbuiséad an Aontais, chuirfí le cumhachtaí grinnscrúdaithe Pharlaimint na hEorpa agus chuideofaí le dlísteacht phoiblí agus infheictheacht pholaitiúil chúnaimh seachtrach AE ina iomláine a neartú.

Faoi Airteagal 6 dá [rún](#) a glacadh an 27 Márta 2019, d'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí ar a laghad EUR 620 milliún i bpraghsanna 2018 a leithdháileadh do réigiún ACC-Aigéan Ciúin. Go dtí seo, áfach, ní dhearna an Coimisiún ná an Chomhairle seasamh oifigiúil a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin. Tá an chaibidlíocht maidir le CAI nua 2021-2027 agus ICFCI idir an Chomhairle agus an Pharlaimint fós ar siúl agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche iad faoi dheireadh 2020.

Tá dúshlán mhóra maidir le forbairt agus leis an aeráid roimh thíortha PIC. Maidir leis an athrú aeráide, thacaigh an tAontas agus Stáit Oileánacha Bheaga an Aigéin Chiúin i mBéal Forbartha le Comhaontú Pháras, an comhaontú uailmhianach domhanda, ag 21ú comhdháil na Náisiún Aontaithe um athrú aeráide (COP 21) in 2015. Ba é Fidsí a bhí ina chathaoirleach ar an 23ú seisiún (COP 23), a tionóladh in Bonn, an Ghearmáin, ón 6 go dtí an 17 Samhain 2017.

Grúpa polaitiúil de 18 chomhalta atá i bhFóram Oileáin an Aigéin Chiúin agus is idirghabhálaí don Aontas é i dtaca le cistiú forbraíochta agus caibidlíocht trádála de chuid AE. Tá na tíortha agus críocha seo a leanas sa ghrúpa sin: An Astráil, Cireabaití, Oileáin Cook, Oileáin Marshall, an Mhicrinéis, Fidsí, Nárú, an Nua-Shéalainn, Niue, Nua-Ghuine Phapua, Samó, Oileáin Sholomón, Tonga, Tuvalu, Vanuatú, an Nua-Chaladóin agus Polainéis na Fraince. Is iad an Nua-Chaladóin agus Polainéis na Fraince, in éineacht le Vailís agus Futúna, na trí Thír agus Chríoch Thar Lear (OCTanna) sa réigiún.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Téann caidreamh Parlaimint na hEorpa le parlaimintí na hAstráile agus na Nua-Shéalainne siar go 1979, tráth a cuireadh an [Toscaireacht don Chaidreamh leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn \(DANZ\)](#) ar bun. Ó shin i leith, bíonn cruinnithe idirpharlaiminteacha (CIPanna) ar siúl go rialta idir DANZ agus parlaimintí na hAstráile agus na Nua-Shéalainne chun caidreamh leis an dá thír a chothú agus chun plé a dhéanamh ar shaincheisteacha comhleasa amhail an talmhaíocht, fuinneamh, an comhshaol agus an t-athrú aeráide, forbairt agus comhar eacnamaíoch, eolaíocht agus teicneolaíocht, trádáil, cur chun cinn na slándála domhanda agus réigiúnaí i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta, agus cearta an duine. Tionóladh an [39ú CIP AE-an Astráil, arb é an cruinniú is déanaí é,](#)



in Sydney agus in Brisbane i mí Dheireadh Fómhair 2018. Tionóladh [an 22ú CIP AE-Nua-Shéalainn](#) in Wellington agus Auckland i mí Feabhra 2018.

Tá ionadaíocht á déanamh do Pharlaimint na hEorpa ar a chaidreamh le tíortha eile an Aigéin Chiúin ag an [Toscaireacht chun an Chomhthionóil Parlaimintigh de ACP agus de AE](#) (DACP). Mar aon le ACC, tá DACP páirteach sa chomhthionól (CP ACC-AE), atá comhdhéanta de líon comhionann ionadaithe AE agus ACC. Is é príomhchúram na toscaireachta cruinnithe CP ACC-AE a ullmhú, meastóireacht agus obair leantach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Parlaimint na hEorpa, cruinnithe a eagrú le daoine ardleibhéil de chuid ACC, agus saincheistanna tráthúla i ndáil le cur chun feidhme Chomhaontú Cotonou a phlé. Tionóladh an [38ú seisiún](#) de CP ACC-AE i Ruanda i mí na Samhna 2019.

Kahraman Evsen
11/2020

